**AN tAONTAS EORPACH**

**PARLAIMINT NA hEORPA** | **AN CHOMHAIRLE**

**Strasbourg, 24 Aibreán 2024**
**(OR. en)**

**2022/0398(COD)**
**LEX 2330**

**PE-CONS 95/1/23**
**REV 1**

**JAI 1719**
**COPEN 465**
**DROIPEN 188**
**ENFOPOL 556**
**CODEC 2583**

# TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE CIONTA COIRIÚLA AGUS PIONÓIS A SHAINIÚ I LEITH SÁRÚ AR BHEARTA SRIANTACHA DE CHUID AN AONTAIS AGUS LENA LEASAÍTEAR TREOIR (AE) 2018/1673

**TREOIR (AE) 2024/…**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 24 Aibreán 2024**

**maidir le cionta coiriúla agus pionóis a shainiú**
**i leith sárú ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais**
**agus lena leasaítear Treoir (AE) 2018/1673**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 83(1) de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2022/2332 ón gComhairle an 28 Samhain 2022 maidir le sárú ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais a shainaithint mar réimse coireachta a chomhlíonann na critéir a shonraítear in Airteagal 83(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh[1], agus go háirithe Airteagal 1 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíochta agus Sóisialta na hEorpa[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

---

1 IO L 308, 29.11.2022, lch. 18.
2 IO C 184, 25.5.2023, lch. 59.
3 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 12 Márta 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 12 Aibreán 2024.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun cur i bhfeidhm éifeachtach bhearta sriantacha de chuid an Aontais agus sláine an mhargaidh inmheánaigh laistigh den Aontas a áirithiú, agus chun ardleibhéal slándála a bhaint amach laistigh den limistéar saoirse, slándála agus ceartais, is gá rialacha íosta a bhunú maidir le cionta coiriúla agus pionóis a shainiú i leith sárú ar bhearta sriantacha sin an Aontais.

(2) Bearta sriantacha de chuid an Aontais, amhail bearta a bhaineann le cistí agus acmhainní eacnamaíocha a reo, toirmisc ar chistí agus acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil agus toirmisc ar theacht isteach i gcríoch Bhallstáit, nó ar idirthuras trí chríoch Bhallstáit, chomh maith le bearta eacnamaíocha agus airgeadais earnála agus trádbhaic arm, is uirlis fhíor-riachtanach iad na bearta sin chun cuspóirí an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES), mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), a chur chun cinn. Áirítear ar na cuspóirí sin luachanna, slándáil, neamhspleáchas agus ionracas an Aontais a chosaint, an daonlathas, an smacht reachta, cearta an duine agus prionsabail an dlí idirnáisiúnta a chomhdhlúthú agus tacú leo agus an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú i gcomhréir le haidhmeanna agus prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe.

(3) Chun cur i bhfeidhm éifeachtach bhearta sriantacha de chuid an Aontais a áirithiú, is gá go mbeidh pionóis choiriúla agus neamhchoiriúla éifeachtacha, chomhréireacha agus athchomhairleacha i bhfeidhm ag na Ballstáit i leith sárú ar bhearta sriantacha sin an Aontais, lena n-áirítear oibleagáidí, amhail oibleagáidí tuairiscithe, a bhunaítear leo. Is gá freisin go dtabharfar aghaidh leis na pionóis sin ar imchéimniú bhearta sriantacha de chuid an Aontais.

(4) Chun bearta sriantacha de chuid an Aontais a chur i bhfeidhm go héifeachtach, tá gá le rialacha íosta coiteanna maidir le hiompraíocht choiriúil a shainiú lena sáraítear bearta sriantacha de chuid an Aontais. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú gur cion coiriúil í an iompraíocht sin i gcás ina ndéantar d'aon ghnó í agus ina ndéantar í de shárú ar thoirmeasc nó ar oibleagáid arb ionann é nó í agus beart sriantach de chuid an Aontais nó a leagtar amach i bhforáil náisiúnta lena gcuirtear beart sriantach de chuid an Aontais chun feidhme, i gcás ina bhfuil gá le cur chun feidhme náisiúnta an bhirt sin. Ba cheart iompraíocht áirithe a bheith ina cion coiriúil freisin má dhéantar í le faillí thromchúiseach. Maidir leis na cionta coiriúla a shainítear sa Treoir seo, ba cheart an coincheap 'faillí thromchúiseach' a léirmhíniú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh á chur i gcuntas. Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann a chinneadh nach cionta coiriúla iad sáruithe ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais lena mbaineann cistí, acmhainní eacnamaíocha, earraí, seirbhísí, idirbhearta nó gníomhaíochtaí ar lú a luach ná EUR 10 000. Ní dhéanann eisiamh sáruithe áirithe ó raon feidhme na Treorach seo difear d'aon oibleagáidí a leagtar síos i ngníomhartha ina leagtar amach bearta sriantacha de chuid an Aontais chun a áirithiú go mbeidh sáruithe inphionóis le pionóis choiriúla nó neamhchóiriúla a bheidh éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

(5) Is féidir le gníomhartha lena leagtar amach bearta sriantacha de chuid an Aontais foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí ó na toirmisc a leagtar síos iontu i bhfoirm díolúintí nó maoluithe. Ní féidir iompraíocht a chumhdaítear le díolúine dá bhforáiltear i ngníomh lena leagtar amach bearta sriantacha de chuid an Aontais nó atá údaraithe ag údaráis inniúla na mBallstát trí mhaolú i gcomhréir leis na gníomhartha lena leagtar amach bearta sriantacha de chuid an Aontais a mheas mar shárú ar bheart sriantach de chuid an Aontais.

(6) Go háirithe, chun bearta sriantacha de chuid an Aontais a chur i bhfeidhm go héifeachtach, tá gá le rialacha íosta coiteanna maidir le sáruithe ar bhearta ina gcuimsítear cistí agus acmhainní eacnamaíocha a reo mar a leagtar síos sna Rialacháin ábhartha ón gComhairle. Áirítear ar na bearta sin toirmeasc ar chistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil, go díreach nó go hindíreach, do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha, d'eintitis nó do chomhlachtaí atá faoi réir bearta ina gcuimsítear cistí agus acmhainní eacnamaíocha a reo nó chun tairbhe na ndaoine, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí sin, chomh maith leis an oibleagáid na cistí agus na hacmhainní eacnamaíocha uile ar leis na daoine, na heintitis nó na comhlachtaí céanna iad, atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó á rialú acu a reo.

(7) Áirítear ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais srianta ar ligean isteach (toirmisc thaistil) ar cheart iad a chumhdach leis an Treoir seo. Le bearta den sórt sin, a leagtar síos de ghnáth i gCinneadh ón gComhairle arna ghlacadh ar bhonn Airteagal 29 CAE agus a chuirtear chun feidhme trí bhíthin an dlí náisiúnta, ceanglaítear ar na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh chun teacht isteach na ndaoine ainmnithe ar gach crios de chríoch Bhallstáit nó idirthuras a dhéanamh trí na criosanna sin, a chosc.

(8) Moltar do na Ballstáit aird ar leith a thabhairt ar na sásraí chun náisiúntacht agus cónaí a dheonú, chun cosc a chur ar dhaoine aonair atá faoi réir bhearta sriantacha de chuid an Aontais na sásraí sin a úsáid chun bearta sriantacha sin an Aontais a shárú.

(9) Má dhéantar aon chineál idirbhirt, nó má leantar d’aon chineál idirbhirt, lena n-áirítear idirbhearta airgeadais, chomh maith le haon chonradh poiblí nó aon chonradh lamhháltais a thagann faoi raon feidhme Threoracha 2009/81/CE[4], 2014/23/AE[5], 2014/24/AE[6], nó 2014/25/AE[7] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a dhámhachtain nó a fhorghníomhú go leanúnach, le tríú Stát, le comhlachtaí tríú Stát nó le heintitis agus comhlachtaí atá faoi úinéireacht nó rialú díreach nó indíreach tríú Stát nó comhlachtaí tríú Stát, ba cheart é sin a bheith ina chion coiriúil, i gcás inar beart sriantach de chuid an Aontais é an toirmeasc nó an srian ar an iompraíocht sin.

---

4 Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir leis na nósanna imeachta um dhámhachtain conarthaí áirithe oibreacha, conarthaí soláthair agus conarthaí seirbhíse ag údaráis chonarthacha nó ag eintitis i réimsí na cosanta agus na slándála a chomhordú, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE (IO L 216, 20.8.2009, lch. 76).

5 Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamhháltais a dhámhachtain (IO L 94, 28.3.2014, lch. 1).

6 Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 65).

7 Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar de chuid eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 94, 28.3.2014, lch. 243).

(10) Áirítear ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais an toirmeasc ar earraí nó seirbhísí a thrádáil, a allmhairiú, a onnmhairiú, a dhíol, a cheannach, a aistriú, a chur faoi bhealach nó a iompar. Ba cheart sárú ar thoirmisc den sórt sin a bheith ina chion coiriúil, lena n-áirítear i gcás ina ndéantar na hearraí a allmhairiú nó a onnmhairiú ó thríú tír nó chuig tríú tír ionas go n-aistreofar iad chuig ceann scríbe ina bhfuil an toirmeasc ar na hearraí sin a allmhairiú, a onnmhairiú, a dhíol, a cheannach, a aistriú, a chur faoi bhealach nó a iompar ina bheart sriantach de chuid an Aontais. Ba cheart soláthar cúnaimh theicniúil, seirbhísí bróicéireachta, árachais agus aon seirbhíse eile a bhaineann leis na hearraí nó leis na seirbhísí sin, bíodh sé go díreach nó go hindíreach, a bheith ina chion coiriúil freisin. Chun na críche sin, áirítear leis an gcoincheap 'earraí' rudaí, amhail teicneolaíocht mhíleata agus trealamh míleata, earraí, bogearraí agus teicneolaíocht, a áirítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh a ghlac an Chomhairle an 20 Feabhra 2023[8] nó a liostaítear in Iarscríbhinní I agus IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9].

(11) Áirítear ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais bearta eacnamaíocha agus airgeadais earnála maidir le soláthar seirbhísí airgeadais nó déanamh gníomhaíochtaí airgeadais. Cuimsítear sna seirbhísí agus gníomhaíochtaí airgeadais sin, ach gan iad a bheith teoranta dóibh, maoiniú agus cúnamh airgeadais, infheistíocht agus seirbhísí infheistíochta a sholáthar, urrúis inaistrithe agus ionstraimí margaidh airgid a eisiúint, taiscí a ghlacadh, sainseirbhísí teachtaireachtaí airgeadais a sholáthar, déileáil le nótaí bainc, seirbhísí rátála creidmheasa a sholáthar, agus cripteashócmhainní agus criptea-thiachóga a sholáthar. Ba cheart sárú ar na bearta eacnamaíocha agus airgeadais earnála sin a bheith ina chion coiriúil.

---

8 IO C 72, 28.2.2023, lch. 2.

9 Rialachán (AE) 2021/821 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú (IO L 206, 11.6.2021, lch. 1).

(12) Áirítear ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais bearta eacnamaíocha agus airgeadais earnála maidir le soláthar seirbhísí nach seirbhísí airgeadais iad. Cuimsíonn seirbhísí den sórt sin, gan a bheith teoranta dóibh, seirbhísí comhairleacha dlí, seirbhísí iontaoibhe, seirbhísí caidrimh phoiblí, cuntasaíocht, iniúchóireacht, leabharchoimeád agus seirbhísí comhairliúcháin cánach, comhairliúchán gnó agus bainistíochta, comhairliúchán TF, seirbhísí craolacháin, ailtireachta agus innealtóireachta a sholáthar. Ba cheart sárú ar na bearta eacnamaíocha agus airgeadais earnála sin a bheith ina chion coiriúil.

(13) Níor cheart a thuiscint le haon cheann d'fhorálacha na Treorach seo go bhforchuirtear aon oibleagáidí ar dhaoine nádúrtha a dhéanfadh dochar don cheart gan tú féin a ionchoiriú agus don cheart a bheith i do thost, mar a chumhdaítear in Airteagal 7 de Threoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10], do na Ballstáit atá faoi cheangal aici, agus in Airteagal 48 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt').

(14) Chun bearta sriantacha de chuid an Aontais a chur i bhfeidhm go héifeachtach, tá gá le rialacha íosta coiteanna maidir le cionta coiriúla a shainiú arb í atá iontu iompraíocht a théann timpeall ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais.

---

10 Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla (IO L 65, 11.3.2016, lch. 1).

(15) Sampla d'iompraíocht a théann timpeall ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais is ea an cleachtas atá ag daoine, eintitis agus comhlachtaí ainmnithe, ar cleachtas é atá ag éirí níos forleithne, cistí nó acmhainní eacnamaíocha atá faoi úinéireacht, i seilbh, nó á rialú go díreach nó go hindíreach ag na daoine, eintitis nó comhlachtaí ainmnithe sin, a úsáid, a aistriú chuig tríú páirtí, nó a dhiúscairt ar bhealach eile, chun na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha sin a cheilt. Thairis sin, is ionann agus dul timpeall ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais freisin an cleachtas ina ndéantar faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar, lena n-áirítear faisnéis ábhartha neamhiomlán, chun a cheilt gurb é atá i nduine, eintiteas nó comhlacht ainmnithe ná úinéir deiridh nó tairbhí deiridh na gcistí nó na n-acmhainní eacnamaíocha atá faoi réir bhearta sriantacha de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart an iompraíocht sin a théann timpeall ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais a bheith ina cion coiriúil faoin Treoir seo.

(16) Ba cheart mainneachtain oibleagáid a chomhlíonadh maidir le tuairisciú do na húdaráis inniúla riaracháin a leagtar síos le gníomhartha lena leagtar amach bearta sriantacha de chuid an Aontais a bheith ina cion coiriúil faoin Treoir seo.

(17) Chun bearta sriantacha de chuid an Aontais a chur i bhfeidhm go héifeachtach, tá gá le rialacha íosta coiteanna maidir le cionta coiriúla a shainiú ar iompraíocht í a sháraíonn na coinníollacha sonracha, nó a mhainníonn comhlíonadh na gcoinníollacha sonracha, faoi údaruithe arna ndeonú ag údaráis inniúla chun gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh, arb ionann éagmais údarú den sórt sin agus sárú ar thoirmeasc nó srian arb ionann é agus beart sriantach de chuid an Aontais. D'fhéadfaí aon ghníomhaíocht a dhéantar in éagmais údarú a mheas, ag brath ar imthosca an cháis, ina sárú ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais arb é atá iontu cistí nó acmhainní eacnamaíocha a reo, toirmisc thaistil, trádbhaic arm nó bearta eacnamaíocha agus airgeadais earnála eile.

(18) Ba cheart gairmithe dlí, arna sainmhíniú ag na Ballstáit, a bheith faoi réir na Treorach seo, lena n-áirítear an oibleagáid an sárú ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais a thuairisciú, agus seirbhísí á soláthar acu i gcomhthéacs gníomhaíochtaí gairmiúla, amhail seirbhísí dlí, airgeadais agus trádála. Tá baol soiléir ann go mbainfear mí-úsáid as seirbhísí na ngairmithe dlí sin chun bearta sriantacha de chuid an Aontais a shárú. Mar sin féin, ba cheart díolúintí a bheith ann ó aon oibleagáid faisnéis a thuairisciú, ar faisnéis í a fhaigheann siad ó dhuine dá gcliaint, nó a fhaigheann siad faoi dhuine dá gcliaint, le linn dóibh a seasamh dlíthiúil a fhionnadh nó le linn dóibh an cliant sin a chosaint nó ionadaíocht a dhéanamh air in imeachtaí breithiúnacha nó maidir leo, lena n-áirítear comhairle a thabhairt i ndáil leis na himeachtaí sin a thionscnamh nó a sheachaint. Dá bhrí sin, ba cheart an chomhairle dlí sin a bheith fós faoi réir oibleagáid na rúndachta gairmiúla, ach amháin i gcás ina bhfuil an gairmí dlí ag glacadh páirt sa sárú ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais d'aon ghnó, i gcás ina soláthraítear an chomhairle dlí chun críocha bearta sriantacha de chuid an Aontais a shárú, nó i gcás ina bhfuil a fhios ag an ngairmí dlí go bhfuil an cliant ag lorg comhairle dlí chun críocha bearta sriantacha de chuid an Aontais a shárú.

(19) Níor cheart go ndéanfaí idirdhealú ar chliaint ó institiúidí creidmheasa agus airgeadais nó go ndéanfaí iad a eisiamh go míchuí ó rochtain ar sheirbhísí airgeadais mar thoradh ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais.

(20) Ní bheartaítear leis an Treoir seo coiriúlú a dhéanamh ar chúnamh daonnúil do dhaoine atá i ngátar nó ar ghníomhaíochtaí lena dtacaítear le bunriachtanais an duine dá bhforáiltear i gcomhréir le prionsabail na neamhchlaontachta, na daonnachta, na neodrachta agus an neamhspleáchais agus, i gcás inarb infheidhme, leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta.

(21) Ba cheart cion coiriúil a ghríosú, agus cabhrú le cion coiriúil agus é a neartú, faoin Treoir seo a choiriúlú. Ba cheart an iarracht chun cionta coiriúla áirithe a dhéanamh faoin Treoir seo a choiriúlú freisin.

(22) Ba cheart pionóis do dhaoine nádúrtha as cionta coiriúla a bhaineann le sárú ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais mar a shainítear sa Treoir seo iad a bheith éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach. Chuige sin, ba cheart íosleibhéil don uastéarma príosúnachta a shocrú do dhaoine nádúrtha. Ba cheart pionóis nó bearta nó pionóis bhreise nó bearta breise a bheith ar fáil in imeachtaí coiriúla freisin.

(23) Ós rud é go bhfuil daoine dlítheanacha faoi réir bhearta sriantacha de chuid an Aontais freisin, ba cheart na daoine dlítheanacha sin a chur faoi dhliteanas i leith cionta a bhaineann le sárú ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais mar a shainítear sa Treoir seo iad. Ar an gcaoi sin, is é a thuigtear le 'duine dlítheanach' aon eintiteas dlítheanach a bhfuil an stádas sin aige faoin dlí is infheidhme, cé is moite de na Stáit nó de na comhlachtaí poiblí a fheidhmíonn údarás an Stáit agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta poiblí. Chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit a ndéantar foráil ina ndlí maidir le dliteanas coiriúil daoine dlítheanacha a áirithiú go ndéantar foráil ina ndlí maidir le cineálacha éifeachtacha, athchomhairleacha agus comhréireacha agus leibhéil éifeachtacha, athchomhairleacha agus chomhréireacha de phionóis choiriúla mar a leagtar síos sa Treoir seo. Chun cuspóirí na Treorach seo a bhaint amach, ba cheart do na Ballstáit sin nach ndéantar foráil ina ndlí maidir le dliteanas coiriúil daoine dlítheanacha a áirithiú go ndéantar foráil ina ndlí maidir le cineálacha éifeachtacha, athchomhairleacha agus comhréireacha agus leibhéil éifeachtacha, athchomhairleacha agus chomhréireacha de phionóis neamhchoiriúla mar a leagtar síos sa Treoir seo. Ba cheart feidhm a bheith ag na huasleibhéil fíneálacha dá bhforáiltear sa Treoir seo i gcás na gcionta a shainítear inti ar a laghad maidir leis na foirmeacha is tromchúisí de na cionta sin. Tá sé tábhachtach go ndéanfar tromchúis na hiompraíochta, mar aon le himthosca aonair, airgeadais agus eile na ndaoine dlítheanacha lena mbaineann, a chur i gcuntas chun a áirithiú go bhfuil an pionós a fhorchuirfear éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach. Ba cheart na Ballstáit a bheith in ann uasleibhéil na bhfíneálacha a shocrú mar chéatadán de láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh lena mbaineann, nó méideanna socraithe. Ba cheart do na Ballstáit a chinneadh cé acu den dá rogha sin a úsáidfidh siad agus an Treoir seo á trasuí acu.

(24) I gcás ina roghnóidh na Ballstáit, agus fíneálacha a bheidh le forchur ar dhaoine dlítheanacha á gcinneadh acu, an critéar chun láimhdeachas domhanda iomlán duine dhlítheanaigh a chur chun feidhme, ba cheart dóibh a chinneadh an ríomhfar an láimhdeachas sin bunaithe ar an mbliain ghnó roimh an mbliain ghnó ina ndearnadh an cion coiriúil, nó ar an mbliain ghnó roimh an gcinneadh an fhíneáil a fhorchur. Ba cheart do na Ballstáit freisin breithniú a dhéanamh ar rialacha a bhunú le haghaidh cásanna nach féidir méid fíneála a shocrú ar bhonn láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh sa bhliain ghnó roimh an mbliain ghnó ina ndearnadh an cion coiriúil, nó sa bhliain ghnó roimh an mbliain ghnó sin den chinneadh an fhíneáil a fhorchur. I gcásanna den sórt sin, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann critéir eile a chur san áireamh, amhail an láimhdeachas domhanda iomlán i mbliain ghnó eile. I gcás ina n-áirítear leis na rialacha sin méideanna socraithe fíneálacha a shocrú, níor cheart é a bheith riachtanach go sroichfeadh uasleibhéal na méideanna sin na leibhéil a bhunaítear sa Treoir seo mar an t-íoscheanglas le haghaidh uasleibhéal na bhfíneálacha a shocraítear i méideanna socraithe.

(25) I gcás ina roghnóidh na Ballstáit uasleibhéal fíneálacha a shocraítear i méideanna socraithe, ba cheart na leibhéil sin a leagan síos sa dlí náisiúnta. Ba cheart feidhm a bheith ag leibhéil is airde na bhfíneálacha sin maidir leis na cineálacha cionta coiriúla is tromchúisí a shainítear sa Treoir seo, cionta a dhéanann daoine dlítheanacha atá láidir ó thaobh airgeadais de. Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann modh ríomha na leibhéal fíneálacha is airde sin a chinneadh, lena n-áirítear coinníollacha sonracha na bhfíneálacha sin. Iarrtar ar na Ballstáit athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar leibhéil na bhfíneálacha a shocraítear i méideanna socraithe ag féachaint do rátaí boilscithe agus luaineachtaí eile sa luach airgeadaíochta, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar síos ina ndlí náisiúnta. Ba cheart do na Ballstáit nach bhfuil an euro mar airgeadra acu foráil a dhéanamh i dtaobh uasleibhéal fíneálacha ina n-airgeadra a chomhfhreagraíonn do na leibhéil a chinntear sa Treoir seo in euro ar dháta a teacht i bhfeidhm. Iarrtar ar na Ballstáit sin athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar leibhéil na bhfíneálacha maidir le forbairt an ráta malairte freisin.

(26) Tá bunú uasleibhéal na bhfíneálacha gan dochar do rogha na mbreithiúna nó na gcúirteanna in imeachtaí coiriúla chun pionóis iomchuí a fhorchur i gcásanna aonair. Ós rud é nach mbunaítear leis an Treoir seo aon íosleibhéil fíneálacha, ba cheart do na breithiúna nó do na cúirteanna, in aon chás, pionóis iomchuí a fhorchur agus imthosca aonair, airgeadais agus eile an duine dhlítheanaigh lena mbaineann agus tromchúis na hiompraíochta á gcur i gcuntas.

(27) Ba cheart na leibhéil pionós a fhorchuirtear a chomhfhogasú tuilleadh agus ba cheart éifeachtacht na leibhéal sin a chothú trí imthosca géaraitheacha coiteanna a thabhairt isteach a léiríonn, i gcomhréir le forálacha ábhartha an dlí náisiúnta, tromchúis an chiona choiriúil a rinneadh. Ba cheart an coincheap 'imthosca géaraitheacha' a thuiscint mar fhíorais lena gcuirtear ar chumas an bhreithimh náisiúnta nó na cúirte náisiúnta pianbhreitheanna níos déine a fhógairt i leith an chiona chéanna ná an phianbhreith a fhorchuirtear de ghnáth gan na fíorais sin, nó mar an fhéidearthacht déileáil le roinnt cionta coiriúla go carnach chun leibhéal an phionóis a mhéadú. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, go bhféadfar ceann amháin de na nithe seo a leanas ar a laghad a mheas mar imthosca géaraitheacha: i gcás ina ndearnadh an cion faoi chuimsiú eagraíocht choiriúil mar a shainmhínítear i gCinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle[11]; i gcás inar bhain an cion le doiciméid bhréagacha nó bhrionnaithe; i gcás ina ndearna soláthraí seirbhíse gairmiúla an cion de shárú ar oibleagáidí gairmiúla an tsoláthraí seirbhíse gairmiúla sin; i gcás ina ndearna oifigeach poiblí an cion le linn dó nó di a chuid nó a cuid dualgas a chomhlíonadh, ar féidir leis nó léi a bheith ina oifigeach nó ina hoifigeach ábhartha, bíodh oifig fhoirmiúil san Aontas, sna Ballstáit nó i dtríú tíortha ina seilbh aige nó aici, nó duine eile a raibh feidhm phoiblí á comhlíonadh aige nó aici; i gcás inar gineadh nó ina rabhthas ag dréim leis go nginfí sochair shuntasacha airgeadais, nó inar seachnaíodh costais shuntasacha, go díreach nó go hindíreach mar gheall ar an gcion; i gcás inar scrios an ciontóir fianaise, nó ina ndearna sé nó sí imeaglú ar fhinnéithe nó ar ghearánaigh; nó i gcás inar ciontaíodh an duine nádúrtha nó dlítheanach roimhe sin. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar foráil do cheann amháin ar a laghad de na himthosca géaraitheacha sin mar imthoisc ghéaraitheach a d'fhéadfadh a bheith ann i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme ina gcóras dlí maidir le himthosca géaraitheacha. In aon chás, ba cheart é a bheith fós faoi rogha an bhreithimh nó na cúirte a chinneadh ar cheart an phianbhreith a mhéadú, agus na himthosca sonracha i ngach cás ar leith á gcur san áireamh.

---

**11** Cinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2008 maidir leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe (IO L 300, 11.11.2008, lch. 42).

(28) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, go bhféadfar ceann amháin de na nithe seo a leanas ar a laghad a mheas mar imthosca maolaitheacha: i gcás ina soláthraíonn an ciontóir faisnéis do na húdaráis inniúla nach mbeidís in ann a fháil ar shlí eile, lena gcuidítear leo ciontóirí eile a shainaithint nó a thabhairt faoi réim an cheartais; nó i gcás ina soláthraíonn an ciontóir faisnéis do na húdaráis inniúla nach mbeidís in ann a fháil ar shlí eile, lena gcuidítear leo fianaise a fháil. I measúnú na n-imthosca maolaitheacha, ba cheart é a bheith fós faoi rogha an bhreithimh nó na cúirte a chinneadh an laghdófar an phianbhreith, agus na himthosca sonracha i ngach cás ar leith á gcur san áireamh. D'fhéadfaí cineál, uainiú agus méid na faisnéise arna soláthar agus leibhéal an chomhair arna sholáthar ag an gciontóir a chur san áireamh sna himthosca sin.

(29) Is de chineál riaracháin atá an reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha a fhorchuirtear le bearta sriantacha de chuid an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart é a idirdhealú ó bhearta de chineál coiriúil a reo, dá dtagraítear i dTreoir 2014/42/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12]. Ba cheart do na Ballstáit reo agus coigistiú ionstraimeachtaí agus fáltas ó na cionta dá dtagraítear sa Treoir seo a chumasú. Na Ballstáit a bhfuil Treoir 2014/42/AE mar cheangal orthu, ba cheart dóibh déanamh amhlaidh i gcomhréir leis an Treoir sin. Ina theannta sin, go sonrach i gcásanna ina ndéanann an duine ainmnithe, nó ionadaí eintitis nó comhlachta ainmnithe, cionta áirithe a bhaineann le dul timpeall ar bheart sriantach de chuid an Aontais nó ina nglacann sé páirt iontu, tá gá le reo agus coigistiú cistí agus acmhainní eacnamaíocha a chumasú faoi réir bhearta sriantacha de chuid an Aontais, fiú i gcás ina bhféadfadh nach ionstraimeachtaí nó fáltais iad faoi Threoir 2014/42/AE. Sna himthosca sin, mar thoradh ar an iompraíocht um cheilt, is féidir leis an duine, eintiteas nó comhlacht ainmnithe leanúint le rochtain a fháil ar na cistí nó ar na hacmhainní eacnamaíocha atá faoi réir bhearta sriantacha de chuid an Aontais atá ceilte agus úsáid iomlán a bhaint astu nó iad a dhiúscairt. Ba cheart, dá bhrí sin, na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha sin a bheith faoi réir reo agus coigistiú, i gcomhréir le Treoir 2014/42/AE. Níor cheart dochar a dhéanamh do chearta tríú páirtithe bona fide.

---

[12] Treoir 2014/42/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le hionstraimeachtaí na coireachta agus fáltais ón gcoireacht a reo agus a choigistiú san Aontas Eorpach (IO L 127, 29.4.2014, lch. 39).

(30) Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir leis na tréimhsí teorann atá riachtanach chun cionta coiriúla a bhaineann le sárú ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais a chomhrac go héifeachtach, gan dochar do rialacha náisiúnta nach socraítear leo tréimhsí teorann maidir le himscrúdú, le hionchúiseamh agus le forfheidhmiú. Faoin Treoir seo, ceadaítear do na Ballstáit tréimhsí teorann níos giorra ná na tréimhsí a leagtar síos sa Treoir seo a bhunú, ar choinníoll go bhféadfar tréimhsí teorann níos giorra den sórt sin a bhriseadh nó a chur ar fionraí ina gcórais dlí i gcás gníomhartha is féidir a shonrú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. ar choinníoll go bhféadfar tréimhsí teorann níos giorra den sórt sin a bhriseadh nó a chur ar fionraí ina gcórais dlí i gcás gníomhartha is féidir a shonrú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

(31) I bhfianaise, go háirithe, ghníomhaíochtaí domhanda na gciontóirí, mar aon le cineál trasteorann na gcionta coiriúla a shainítear sa Treoir seo agus an fhéidearthacht imscrúduithe trasteorann a dhéanamh, ba cheart do na Ballstáit dlínse a bhunú chun na cionta sin a chomhrac go héifeachtach.

(32) Chun imscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtach ar sháruithe ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit uirlisí imscrúdaitheacha éifeachtacha a chur ar fáil d’údaráis inniúla amhail na cinn atá ar fáil faoina ndlí náisiúnta chun an choireacht eagraithe nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chomhrac, má tá agus a mhéid atá úsáid na n-uirlisí sin iomchuí agus comhréireach le cineál agus tromchúis na gcionta coiriúla mar a fhoráiltear sa dlí náisiúnta. Féadfar a bheith san áireamh leis na huirlisí sin idircheapadh cumarsáide, faireachas ceilte, lena n-áirítear faireachas leictreonach, seachadtaí rialaithe, faireachán ar chuntais bhainc agus uirlisí imscrúdaithe airgeadais eile. Ba cheart na huirlisí sin a úsáid i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta agus lánurraim á tabhairt don Chairt. Tá sé ríthábhachtach go n-urramófar an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint.

(33) Na daoine sin dá dtagraítear in Airteagal 4 de Threoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13] a thuairiscíonn faisnéis d'údaráis inniúla maidir le sáruithe atá déanta, atá á ndéanamh nó atá beartaithe i leith bhearta sriantacha de chuid an Aontais, lena n-áirítear iarrachtaí chun dul timpeall orthu, faisnéis atá faighte acu i gcomhthéacs a ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an obair, tá baol ann go bhfulaingeoidh siad frithbheart sa chomhthéacs sin. Is féidir le tuarascálacha daoine tuairiscithe den sórt sin forfheidhmiú bhearta sriantacha de chuid an Aontais a neartú trí fhaisnéis a sholáthar a bhaineann, mar shampla, le fíricí a bhaineann le sáruithe ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais, lena n-imthosca agus leis na daoine aonair, cuideachtaí agus tríú tíortha lena mbaineann. Dá bhrí sin, ba cheart a áirithiú go mbeidh socruithe iomchuí i bhfeidhm ionas gur féidir le daoine tuairiscithe den sórt sin bealaí rúnda a úsáid, na húdaráis inniúla a chur ar an eolas agus iad a chosaint ar fhrithbhearta. Chun na críche sin, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le Treoir (AE) 2019/1937 a bheith infheidhme maidir le sáruithe ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais a thuairisciú agus maidir le daoine a thuairiscíonn sáruithe den sórt sin a chosaint, faoi na coinníollacha a leagtar síos inti.

(34) Chun córas forfheidhmiúcháin éifeachtach comhtháite comhleanúnach a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit comhar agus cumarsáid inmheánach a eagrú idir a n-údaráis inniúla uile a bhfuil baint acu le forfheidhmiú riaracháin agus coiriúil.

---

[13] Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

(35) Chun imscrúdú agus ionchúiseamh éifeachtach ar sháruithe ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais a áirithiú, ba cheart d’údaráis inniúla na mBallstát comhoibriú le chéile trí Europol, Eurojust agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, agus oibriú i gcomhar leo, laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach agus i gcomhréir leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme. Ba cheart d’údaráis inniúla na mBallstát faisnéis a roinnt lena chéile agus leis an gCoimisiún maidir le saincheisteanna praiticiúla freisin. D’fhéadfadh an Coimisiún, i gcás inar gá, líonra saineolaithe agus cleachtóirí a bhunú chun dea-chleachtais a chomhroinnt agus cúnamh a thabhairt d’údaráis inniúla na mBallstát chun imscrúdú cionta a bhaineann le sárú ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais a éascú. Níor cheart rannpháirtíocht an Choimisiúin a bheith i gceist leis an gcúnamh sin in imscrúdú agus ionchúiseamh cásanna coiriúla aonair arna seoladh ag údaráis inniúla na mBallstát agus níor cheart a thuiscint go n-áirítear leis sin tacaíocht airgeadais ná aon ghealltanas buiséadach eile ón gCoimisiún.

(36) Chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na cionta coiriúla a shainítear sa Treoir seo, is gá d'údaráis inniúla sna Ballstáit sonraí staidrimh cruinne, comhsheasmhacha agus inchomparáide a bhailiú maidir leis na cionta sin. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil córas leordhóthanach i bhfeidhm chun sonraí staidrimh atá ann cheana maidir leis na cionta a shainítear sa Treoir seo a thaifeadadh, a tháirgeadh agus a tharchur. Tá sé tábhachtach go n-úsáidfidh na Ballstáit na sonraí staidrimh sin chun freastal ar phleanáil straitéiseach agus oibríochtúil na ngníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin, chun anailís a dhéanamh ar scála agus treochtaí na gcionta a bhaineann le sárú ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais, agus chun faisnéis a chur ar fáil do shaoránaigh freisin. Ba cheart do na Ballstáit sonraí staidrimh ábhartha maidir le himeachtaí a bhaineann le sárú ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais, a bhaintear as sonraí atá ann cheana ar leibhéal láraithe nó díláraithe laistigh den Bhallstát trí chéile, a tharchur chuig an gCoimisiún. Ba cheart don Choimisiún torthaí a mheasúnaithe bunaithe ar na sonraí staidrimh arna dtarchur ag na Ballstáit a mheasúnú agus a fhoilsiú go tráthrialta i dtuarascáil.

(37) Le leasú ar Threoir (AE) 2018/1673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14], ba cheart a áirithiú go ndéanfar an sárú ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais a mheas mar chion preideacáide le haghaidh sciúradh airgid i gcomhréir leis an Treoir sin.

(38) Toisc go bhfuil gá práinneach ann go gcoinneofar daoine aonair agus daoine dlítheanacha a bhfuil baint acu leis an sárú ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais cuntasach, ba cheart do na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh a chur i bhfeidhm laistigh de 12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo.

---

14 Treoir (AE) 2018/1673 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le sciúradh airgid a chomhrac leis an dlí coiriúil (IO L 284, 12.11.2018, lch. 22).

(39) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.

(40) I gcomhréir le hAirteagal 3 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, tá fógra tugtha ag Éirinn, le litir an 3 Márta 2023, gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm na Treorach seo.

(41) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, eadhon rialacha íosta coiteanna a bhunú maidir le cionta a shainiú a bhaineann le sárú ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais agus infhaighteacht pionós coiriúil éifeachtach, athchomhairleach agus comhréireach i leith cionta coiriúla a bhaineann le sárú ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais, a ghnóthú go leordhóthanach agus cineál bunúsach trasteorann an tsáraithe ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais á chur san áireamh mar aon lena acmhainneacht an bonn a bhaint ó ghnóthú chuspóirí an Aontais maidir leis an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a choimirciú mar aon le luachanna coiteanna an Aontais a chaomhnú, agus, de bharr fhairsinge agus éifeachtaí na Treorach seo, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 CAE. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a a ghnóthú.

(42) Agus an Treoir seo á cur chun feidhme, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar cearta nós imeachta daoine atá faoi dhrochamhras nó daoine cúisithe in imeachtaí coiriúla a urramú. I ndáil leis sin, leis na hoibleagáidí faoin Treoir seo níor cheart difear a dhéanamh d'oibleagáidí na mBallstát faoi dhlí an Aontais maidir le cearta nós imeachta in imeachtaí coiriúla, go háirithe Treoracha 2010/64/AE[15], 2012/13/AE[16], 2013/48/AE[17], (AE) 2016/343, (AE) 2016/800[18] agus (AE) 2016/1919[19] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

---

15 Treoir 2010/64/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin in imeachtaí coiriúla (IO L 280, 26.10.2010, lch. 1).

16 Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart chun faisnéise in imeachtaí coiriúla (IO L 142, 1.6.2012, lch. 1).

17 Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 maidir leis an gceart rochtana ar dhlíodóir in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus leis an gceart chun tríú páirtí a chur ar an eolas maidir le cailleadh saoirse agus chun cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalachta nuair a chailltear an tsaoirse (IO L 294, 6.11.2013, lch. 1).

18 Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis na coimircí nós imeachta do leanaí atá faoi dhrochamhras nó do dhaoine cúisithe in imeachtaí coiriúla (IO L 132, 21.5.2016, lch. 1).

19 Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cúnamh dlí do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus do dhaoine cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach (IO L 297, 4.11.2016, lch. 1).

(43) Leis an Treoir seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a aithnítear, go háirithe sa Chairt, lena n-áirítear an ceart chun saoirse agus slándála, sonraí pearsanta a chosaint, an tsaoirse chun gnó a sheoladh, an ceart chun maoine, an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun triail chóir a fháil, toimhde na neamhchiontachta agus an ceart chun cosaint a fháil, lena n-áirítear an ceart gan tú féin a ionchoiriú agus an ceart a bheith i do thost, prionsabail na dlíthiúlachta agus na comhréireachta i dtaca le cionta coiriúla agus pionóis, lena n-áirítear prionsabal neamh-aisghníomhaíocht na bpionós coiriúil, chomh maith leis an bprionsabal *ne bis in idem*. Leis an Treoir seo, féachtar lena áirithiú go n-urramófar na cearta agus na prionsabail sin go hiomlán agus tá sí le cur chun feidhme dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Ábhar agus raon feidhme*

Leis an Treoir seo, bunaítear rialacha íosta maidir le cionta coiriúla agus pionóis a shainiú i leith sárú ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais.

*Airteagal 2*

*Sainmhínithe*

Chun críocha na Treorach seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'bearta sriantacha de chuid an Aontais' bearta sriantacha arna nglacadh ag an Aontas ar bhonn Airteagal 29 CAE nó Airteagal 215 CFAE;

(2) ciallaíonn 'duine, eintiteas nó comhlacht ainmnithe' duine nádúrtha nó dlítheanach, eintiteas nó comhlacht atá faoi réir bhearta sriantacha de chuid an Aontais;

(3) ciallaíonn 'cistí' sócmhainní airgeadais agus leasanna de gach cineál, lena n-áirítear, ach gan bheith teoranta don mhéid seo a leanas:

(a) airgead tirim, seiceanna, éilimh ar airgead, dréachtaí, orduithe airgid agus ionstraimí íocaíochta eile;

(b) taiscí le hinstitiúidí airgeadais nó le heintitis eile, iarmhéideanna ar chuntais, fiachais agus oibleagáidí fiachais;

(c) urrúis agus ionstraimí fiachais a thrádáiltear go poiblí nó go príobháideach, lena n-áirítear stoic agus scaireanna, deimhnithe in ionannas urrús, bannaí, nótaí, barántais, bintiúir agus conarthaí díorthach;

(d) ús, díbhinní nó ioncam eile ar shócmhainní nó luach a fhabhraíonn astu nó arna nginiúint astu;

(e) creidmheas, ceart fritháirimh, ráthaíochtaí, bannaí feidhmíochta nó ceangaltais airgeadais eile;

(f) litreacha creidmheasa, billí luchta, billí díola;

(g) doiciméid ina bhfuil cruthúnas ar leas i gcistí nó in acmhainní airgeadais;

(h) cripteashócmhainní mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1), pointe (5), de Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[20];

(4) ciallaíonn ‘acmhainní eacnamaíocha' sócmhainní de gach cineál, cibé acu atá inláimhsithe nó doláimhsithe, sochorraithe nó dochorraithe, arb acmhainní nach cistí iad, ach is féidir a úsáid chun cistí, earraí nó seirbhísí a fháil;

(5) ciallaíonn ‘reo cistí' cosc a chur ar bhogadh, aistriú, athrú nó úsáid cistí nó rochtain ar chistí, nó láimhseáil cistí ar dhóigh as a n-eascródh athrú ar a dtoirt, méid, suíomh, úinéireacht, seilbh, tréith, ceann scríbe, nó athrú eile a d'fhágfadh go bhféadfaí na cistí a úsáid, bainistiú punainne san áireamh;

---

[20] Rialachán (AE) 2023/1114 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2023 maidir le margaí i gcripteashócmhainní, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 1095/2010 agus Treoracha 2013/36/AE agus (AE) 2019/1937 (IO L 150, 9.6.2023, lch. 40).

(6) ciallaíonn ‘reo acmhainní eacnamaíocha’ cosc a chur le húsáid acmhainní eacnamaíocha chun cistí, earraí nó seirbhísí a fháil, lena n-áirítear iad a dhíol, a chur ar cíos nó a mhorgáistiú, ach gan bheith teoranta don mhéid sin.

*Airteagal 3*

*Sárú ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais*

1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina ndéantar d’aon ghnó í agus ina ndéantar í de shárú ar thoirmeasc nó oibleagáid arb ionann é nó í agus beart sriantach de chuid an Aontais nó a leagtar amach i bhforáil náisiúnta lena gcuirtear beart sriantach de chuid an Aontais chun feidhme, i gcás ina bhfuil gá le cur chun feidhme náisiúnta, gur cion coiriúil í an iompraíocht seo a leanas:

(a) cistí nó acmhainní eacnamaíocha a chur ar fáil go díreach nó go hindíreach do dhuine, eintiteas nó comhlacht ainmnithe, nó chun tairbhe do dhuine, eintiteas nó comhlacht ainmnithe, de shárú ar thoirmeasc ar beart sriantach de chuid an Aontais é;

(b) mainneachtain cistí nó acmhainní eacnamaíocha ar le duine, eintiteas nó comhlacht ainmnithe iad nó atá faoina úinéireacht, ina sheilbh nó á rialú aige, a reo, de shárú ar oibleagáid ar beart sriantach de chuid an Aontais í;

(c) cur ar chumas daoine nádúrtha ainmnithe teacht isteach ar chríoch Bhallstáit, nó idirthuras a dhéanamh tríthi, de shárú ar thoirmeasc ar beart sriantach de chuid an Aontais é;

(d) idirbhearta a dhéanamh, nó leanúint d’idirbhearta a dhéanamh, le tríú Stát, le comhlachtaí de chuid tríú Stát nó le heintitis nó le comhlachtaí atá, go díreach nó go hindíreach, faoi úinéireacht nó faoi rialú tríú Stát nó comhlachtaí de chuid tríú Stát, lena n-áirítear conarthaí poiblí nó conarthaí lamháltais a dhámhachtain nó a fhorghníomhú go leanúnach, i gcás inar beart sriantach de chuid an Aontais é an toirmeasc nó an srian ar an iompraíocht sin;

(e) earraí a thrádáil, a allmhairiú, a onnmhairiú, a dhíol, a cheannach, a aistriú, a chur faoi bhealach nó a iompar, chomh maith le seirbhísí bróicéireachta, cúnamh teicniúil nó seirbhísí a bhaineann leis na hearraí sin a sholáthar, i gcás inar beart sriantach de chuid an Aontais é an toirmeasc nó an srian ar an iompraíocht sin;

(f) seirbhísí airgeadais a sholáthar nó gníomhaíochtaí airgeadais a dhéanamh, i gcás inar beart sriantach de chuid an Aontais é an toirmeasc nó an srian ar an iompraíocht sin;

(g) seirbhísí, seachas na seirbhísí sin dá dtagraítear i bpointe (f), a sholáthar, i gcás inar beart sriantach de chuid an Aontais é an toirmeasc nó an srian ar an iompraíocht sin;

(h) dul timpeall ar bheart sriantach de chuid an Aontais tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(i) cistí nó acmhainní eacnamaíocha atá faoi úinéireacht, i seilbh, nó á rialú go díreach nó go hindíreach ag duine, eintiteas nó comhlacht ainmnithe, atá le reo de bhun bheart sriantach de chuid an Aontais, a úsáid, a aistriú chuig tríú páirtí, nó a dhiúscairt ar bhealach eile, chun na cistí nó na hacmhainní eacnamaíocha sin a cheilt;

(ii) faisnéis bhréagach nó mhíthreorach a sholáthar chun a cheilt gurb é atá i nduine, eintiteas nó comhlacht ainmnithe ná úinéir deiridh nó tairbhí deiridh na gcistí nó na n-acmhainní eacnamaíocha atá le reo de bhun bheart sriantach de chuid an Aontais;

(iii) mainneachtain ag duine nádúrtha ainmnithe, nó ag ionadaí eintitis nó comhlachta ainmnithe, oibleagáid a chomhlíonadh ar beart sriantach de chuid an Aontais í maidir le cistí nó acmhainní eacnamaíocha laistigh de dhlínse Ballstáit ar leis iad, atá faoina úinéireacht, ina sheilbh nó á rialú ag an duine sin, a thuairisciú do na húdaráis inniúla riaracháin;

(iv) mainneachtain oibleagáid a chomhlíonadh arb ionann í agus bearta sriantacha de chuid an Aontais maidir le faisnéis a sholáthar do na húdaráis inniúla riaracháin, ar faisnéis í faoi chistí nó acmhainní eacnamaíocha reoite nó faisnéis atá á coinneáil faoi chistí nó acmhainní eacnamaíocha laistigh de chríoch na mBallstát nach bhfuil reoite, ar le daoine, eintitis nó comhlachtaí ainmnithe iad nó atá faoina n-úinéireacht, ina seilbh nó á rialú acu, i gcás ina bhfuarthas an fhaisnéis sin agus dualgas gairmiúil á chomhlíonadh;

(i) sárú nó mainneachtain coinníollacha a chomhlíonadh faoi údaruithe arna ndeonú ag údaráis inniúla chun gníomhaíochtaí a dhéanamh, arb ionann iad agus sárú ar thoirmeasc nó ar shrian ar bheart sriantach de chuid an Aontais é in éagmais an údaraithe sin;

2. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh nach cion coiriúil í an iompraíocht seo a leanas:

(a) iompraíocht a liostaítear i mír 1, pointí (a), (b) agus (h) den Airteagal seo, i gcás ina mbaineann an iompraíocht sin le cistí nó acmhainní eacnamaíocha ar lú a luach ná EUR 10 000;

(b) iompraíocht a liostaítear i mír 1, pointí (d) go (g) agus (i) den Airteagal seo, i gcás ina mbaineann an iompraíocht sin le hearraí, seirbhísí, idirbhearta nó gníomhaíochtaí ar lú a luach ná EUR 10 000;

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar an tairseach dar luach EUR 10 000 nó níos mó a bhaint amach trí shraith iompair a liostaítear i mír 1, pointí (a), (b) agus (d) go (i) den Airteagal seo, atá nasctha agus den chineál céanna, i gcás inarb é an ciontóir céanna a dhéanann an t-iompar sin.

3. Áiritheoidh na Ballstáit gur cion coiriúil í an iompraíocht a liostaítear i mír 1, pointe (e), freisin i gcás ina ndéantar í le faillí thromchúiseach, ar a laghad i gcás ina mbaineann an iompraíocht sin le hítimí a áirítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh nó le hítimí dé-úsáide a liostaítear in Iarscríbhinní I agus IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821.

4. Ní mheasfar le haon ní i mír 1 go bhforchuirfear oibleagáid ar ghairmithe dlí faisnéis a thuairisciú, ar faisnéis í a fhaigheann siad ó dhuine dá gcliaint, nó a fhaigheann siad faoi dhuine dá gcliaint le linn dóibh seasamh dlíthiúil an chliaint sin a fhionnadh nó le linn dóibh an cliant sin a chosaint nó ionadaíocht a dhéanamh air in imeachtaí breithiúnacha nó maidir leo, lena n-áirítear comhairle a thabhairt i ndáil leis na himeachtaí sin a thionscnamh nó a sheachaint.

5. Ní mheasfar le haon ní i míreanna 1, 2 agus 3 go gcoiriúlófar cúnamh daonnúil do dhaoine atá i ngátar nó gníomhaíochtaí lena dtacaítear le bunriachtanais an duine dá bhforáiltear i gcomhréir le prionsabail na neamhchlaontachta, na daonnachta, na neodrachta agus an neamhspleáchais agus, i gcás inarb infheidhme, leis an dlí daonnúil idirnáisiúnta.

*Airteagal 4*

*Gríosú, cabhrú agus neartú, agus iarracht a dhéanamh*

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú gurb inphionóis mar chion coiriúil gríosú, agus cabhrú agus neartú le cion dá dtagraítear in Airteagal 3.

2. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh iarracht cionta a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (a), pointí (c) go (g), agus pointe (h)(i) agus (ii), a inphionóis mar chion coiriúil.

*Airteagal 5*

*Pionóis do dhaoine nádúrtha*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar pionóis choiriúla atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a fhorchur i leith na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4.

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3 inphionóis le pionós uasta príosúnachta.

3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) go mbeidh na cionta coiriúla a chumhdaítear le hAirteagal 3(1), pointí (h)(iii) agus (iv), inphionóis le huastéarma príosúnachta 1 bhliain amháin ar a laghad i gcás ina mbaineann na cionta coiriúla sin le cistí nó acmhainní eacnamaíocha dar luach EUR 100 000 ar a laghad ar an dáta a rinneadh an cion.

(b) go mbeidh na cionta coiriúla a chumhdaítear le hAirteagal 3(1), pointí (a), (b) agus (h)(i) agus (ii), inphionóis le huastéarma príosúnachta 5 bliana príosúnachta ar a laghad i gcás ina mbaineann na cionta coiriúla sin le cistí nó acmhainní eacnamaíocha dar luach EUR 100 000 ar a laghad ar an dáta a rinneadh an cion.

(c) go mbeidh an cion coiriúil a chumhdaítear le hAirteagal 3(1), pointe (c), inphionóis le huastéarma príosúnachta 3 bliana ar a laghad.

(d) go mbeidh cionta coiriúla a chumhdaítear le hAirteagal 3(1), pointí (d) go (g), agus pointe (i), inphionóis le huastéarma príosúnachta 5 bliana ar a laghad i gcás ina mbaineann na cionta coiriúla sin le hearraí, seirbhísí, idirbhearta nó gníomhaíochtaí dar luach EUR 100 000 ar a laghad ar an dáta a rinneadh an cion.

(e) i gcás ina mbaineann an cion coiriúil a chumhdaítear le hAirteagal 3(1), pointe (e), le hítimí a áirítear i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh nó le hítimí dé-úsáide a liostaítear in Iarscríbhinní I agus IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/821, go mbeidh cion coiriúil den sórt sin inphionóis le huastéarma príosúnachta 5 bliana ar a laghad beag beann ar luach na n-ítimí lena mbaineann.

4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar an tairseach dar luach EUR 100 000 nó níos mó a bhaint amach trí shraith cionta atá nasctha, mar gheall ar iompraíocht dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (a), (b) agus (d) go (i), a chur le chéile, i gcás inarb é an ciontóir céanna a dhéanann na cionta sin.

5. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfaidh daoine nádúrtha a bhfuil na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 déanta acu a bheith faoi réir pionóis bhreise choiriúla nó neamhchoiriúla nó bearta coiriúla nó neamhchoiriúla breise nó coimhdeacha, lena bhféadfaí an méid seo a leanas a áireamh iontu:

(a) fíneálacha atá comhréireach le tromchúis na hiompraíochta agus le himthosca aonair agus airgeadais agus imthosca eile an duine nádúrtha lena mbaineann;(b) tarraingt siar ceadanna agus údaruithe chun gníomhaíochtaí a shaothrú a raibh an cion coiriúil ábhartha mar thoradh orthu;

(c) dícháiliú ó phost ceannaireachta den chineál céanna a úsáidtear chun an cion coiriúil a dhéanamh a bheith acu, laistigh de dhuine dlítheanach;

(d) cosc sealadach ar sheasamh i dtoghchán d’oifig phoiblí;

(e) i gcás ina bhfuil leas an phobail ann, tar éis measúnú cás ar chás a dhéanamh, foilsiú na breithe breithiúnaí ina hiomláine, nó cuid di, ar breith í a bhaineann leis an gcion coiriúil a rinneadh agus na pionóis nó na bearta a forchuireadh, a bhféadfadh sonraí pearsanta daoine ciontaithe a bheith ar áireamh ann i gcásanna eisceachtúla a bhfuil údar cuí leo amháin.

*Airteagal 6*

*Dliteanas daoine dlítheanacha*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go bhféadfar daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas i leith cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 i gcás ina ndearna aon duine, ag gníomhú dó ina aonar nó mar chuid d'orgán de chuid an duine dhlítheanaigh, a bhfuil post ceannaireachta ag an duine sin laistigh den duine dlítheanach lena mbaineann, na cionta sin chun tairbhe na ndaoine dlítheanacha sin, bunaithe ar an méid seo a leanas:

   (a) cumhacht chun ionadaíocht a dhéanamh don duine dlítheanach;

   (b) údarás chun cinntí a dhéanamh thar ceann an duine dhlítheanaigh; nó

   (c) údarás chun smacht a fheidhmiú laistigh den duine dlítheanach.

2. Áiritheoidh na Ballstáit gur féidir daoine dlítheanacha a chur faoi dhliteanas i gcás gur cumasaíodh le heaspa maoirseachta nó rialaithe ag duine dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo do dhuine faoina údarás cion coiriúil dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 a dhéanamh chun tairbhe an duine dhlítheanaigh sin.

3. Ní choiscfear, le dliteanas daoine dlítheanacha faoi mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo, imeachtaí coiriúla i gcoinne daoine nádúrtha a dhéanann na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 nó a ghríosaíonn na cionta sin nó atá ina gcúlpháirtithe sna cionta sin.

*Airteagal 7*

*Pionóis do dhaoine dlítheanacha*

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar pionóis choiriúla nó neamhchoiriúla nó bearta coiriúla nó neamhchoiriúla atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach a fhorchur ar dhuine dlítheanach a chuirtear faoi dhliteanas de bhun Airteagal 6, lena n-áiritheofar fíneálacha coiriúla nó neamhchoiriúla agus a bhféadfaí pionóis choiriúla nó neamhchoiriúla nó bearta coiriúla nó neamhchoiriúla eile a áireamh iontu, amhail an méid seo a leanas:

   (a) eisiamh ó theidlíocht i leith sochair phoiblí nó cúnamh poiblí;

   (b) eisiamh ó rochtain ar mhaoiniú poiblí, lena n-áirítear nósanna imeachta tairisceana, deontais agus lamháltais;

   (c) dícháiliú ó ghníomhaíochtaí gnó a chleachtadh;

   (d) tarraingt siar ceadanna agus údaruithe chun gníomhaíochtaí a shaothrú arb é an toradh a bhí orthu go ndearnadh an cion coiriúil lena mbaineann;

   (e) cur faoi mhaoirseacht bhreithiúnach;

   (f) foirceannadh breithiúnach;

   (g) bunaíochtaí a dhúnadh a úsáidtear chun an cion coiriúil a dhéanamh;

   (h) i gcás ina bhfuil leas an phobail ann, foilsiú na breithe breithiúnaí ina hiomláine, nó cuid di, ar breith í a bhaineann leis an gcion coiriúil a rinneadh agus na pionóis nó na bearta a forchuireadh, gan dochar do rialacha maidir le príobháideachas agus cosaint sonraí pearsanta.

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar fíneálacha coiriúla nó neamhchoiriúla a ghearradh ar dhuine dlítheanach a chuirtear faoi dhliteanas de bhun Airteagal 6 i leith na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagal 3(1), agus beidh méid na bhfíneálacha sin comhréireach le tromchúis na hiompraíochta agus le himthosca aonair agus airgeadais agus imthosca eile an duine dhlítheanaigh lena mbaineann. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú nach lú uasleibhéal na bhfíneálacha sin ná an méid seo a leanas:

(a) i leith cionta coiriúla a chumhdaítear le hAirteagal 3(1), pointí (h)(iii) agus (iv):

(i) 1 % de láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh, sa bhliain ghnó roimh an mbliain ghnó ina ndearnadh an cion, nó sa bhliain ghnó roimh an gcinneadh chun an fhíneáil a ghearradh, nó

(ii) méid lena gcomhfhreagraítear do EUR 8 000 000;

(b) i leith cionta coiriúla a chumhdaítear le hAirteagal 3(1), pointí (a) go (g), pointí (h)(i) agus (ii), agus pointe (i):

(i) 5 % de láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh, sa bhliain ghnó roimh an mbliain ghnó ina ndearnadh an cion, nó sa bhliain ghnó roimh an gcinneadh chun an fhíneáil a ghearradh, nó

(ii) méid lena gcomhfhreagraítear do EUR 40 000 000.

Féadfaidh na Ballstáit rialacha a bhunú le haghaidh cásanna nach féidir méid na fíneála a chinneadh ar bhonn láimhdeachas domhanda iomlán an duine dhlítheanaigh sa bhliain ghnó roimh an mbliain ghnó ina ndearnadh an cion, nó sa bhliain ghnó roimh an gcinneadh chun an fhíneáil a ghearradh.

*Airteagal 8*

*Imthosca tromaithe*

A mhéid nach bhfuil na himthosca seo a leanas mar chuid de na gnéithe a chomhdhéanann na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhféadfar ceann amháin nó níos mó de na himthosca seo a leanas, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, a mheas mar imthoisc ghéaraitheach:

(a) rinneadh an cion faoi chuimsiú eagraíocht choiriúil mar a shainmhínítear i gCinneadh Réime 2008/841/CGB ón gComhairle;

(b) bhain an ciontóir úsáid as doiciméid bhréagacha nó doiciméid bhrionnaithe agus an cion á dhéanamh aige;

(c) rinne soláthraí seirbhíse gairmiúla an cion de shárú ar oibleagáidí gairmiúla an tsoláthraí seirbhíse gairmiúla sin;

(d) rinne oifigeach poiblí an cion le linn dó nó di a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh nó duine eile a bhfuil feidhm phoiblí á comhlíonadh aige nó aici;

(e) gineadh sochair shuntasacha airgeadais nó measadh go nginfí sochair shuntasacha airgeadais mar gheall ar an gcion, nó seachnaíodh leis costais shuntasacha, go díreach nó go hindíreach, a mhéid is féidir na sochair nó na speansais sin a chinneadh;

(f) scrios an ciontóir fianaise, nó rinne sé imeaglú ar fhinnéithe nó ar ghearánaigh;

(g) ciontaíodh an duine nádúrtha nó dlítheanach roimhe sin le breithiúnas críochnaitheach ar chionta a chumhdaítear le hAirteagail 3 agus 4.

*Airteagal 9*

*Imthosca maolaitheacha*

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, i ndáil leis na cionta coiriúla ábhartha dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4, gur féidir ceann amháin nó níos mó de na himthosca seo a leanas, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, a mheas mar imthoisc mhaolaitheach:

(a) soláthraíonn an ciontóir faisnéis do na húdaráis inniúla nach mbeidís in ann a fháil ar shlí eile, lena gcuidítear leo na ciontóirí eile a shainaithint nó a thabhairt faoi réim an cheartais;

(b) soláthraíonn an ciontóir faisnéis do na húdaráis inniúla nach mbeidís in ann a fháil ar shlí eile, lena gcuidítear leo fianaise a fháil.

*Airteagal 10*

*Reo agus coigistiú*

1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun go bhféadfar ionstraimeachtaí agus fáltais ó na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 a reo agus a choigistiú. Déanfaidh na Ballstáit a bhfuil Treoir 2014/42/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ina ceangal orthu na bearta is gá sin i gcomhréir leis an Treoir sin.

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun go bhféadfar cistí nó acmhainní eacnamaíocha atá faoi réir bhearta sriantacha de chuid an Aontais a reo agus a choigistiú, ar ina leith a dhéanann an duine nádúrtha ainmnithe, nó ionadaí eintitis nó comhlachta ainmnithe, cion a chumhdaítear le hAirteagal 3(1), pointe (h)(i) nó (ii), nó a ghlacann an duine sin páirt i ndéanamh an chiona sin. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá sin i gcomhréir le Treoir 2014/42/AE.

*Airteagal 11*

*Tréimhsí teorann*

1. Maidir leis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun foráil a dhéanamh maidir le tréimhse teorann chun go bhféadfar na cionta sin a imscrúdú, a ionchúiseamh, a chur chun trialach agus breithniú a dhéanamh orthu ar feadh tréimhse leordhóthanach ama ón tráth a dhéantar na cionta coiriúla sin, chun dul i ngleic go héifeachtach leis na cionta coiriúla sin.

2. 5 bliana ar a laghad a bheidh sa tréimhse teorann dá dtagraítear i mír 1 ó chion coiriúil a dhéanamh a bhféadfar uastéarma príosúnachta cúig bliana ar a laghad a ghearradh ina leith.

3. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun foráil a dhéanamh maidir le tréimhse teorann 5 bliana ar a laghad ó dháta an chiontaithe deiridh i gcion coiriúil dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 lena gcumasófar forfheidhmiú na bpionós seo a leanas a forchuireadh tar éis an chiontaithe sin:

   (a) pionós príosúnachta is faide ná 1 bhliain amháin; nó

   (b) pionós príosúnachta i leith cion coiriúil is inphionóis le huastéarma príosúnachta 5 bliana.

4. De mhaolú ar mhíreanna 2 agus 3, féadfaidh na Ballstáit tréimhse teorann a bhunú atá níos giorra ná 5 bliana, ach nach giorra ná 3 bliana, ar choinníoll go bhféadfar an tréimhse teorann sin a bhriseadh nó a chur ar fionraí i gcás gníomhartha sonraithe.

*Airteagal 12*

*Dlínse*

1. Déanfaidh gach Ballstát na bearta is gá chun a dhlínse féin a bhunú ar na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 sna cásanna seo a leanas:

   (a) rinneadh an cion coiriúil ina iomláine nó go páirteach laistigh dá chríoch;

   (b) rinneadh an cion coiriúil ar bord loinge nó ar bord aerárthaigh a cláraíodh sa Bhallstát lena mbaineann nó a raibh a bhratach ar foluain uirthi/air; nó

   (c) is náisiúnach dá chuid é an ciontóir.

2. Cuirfidh Ballstát an Coimisiún ar an eolas i gcás ina gcinneann sé a dhlínse a leathnú chuig ceann amháin nó níos mó de na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 a rinneadh lasmuigh dá chríoch, sna cásanna seo a leanas:

   (a) tá gnáthchónaí ar an gciontóir ina chríoch;

   (b) is duine dá oifigigh an ciontóir a ghníomhaíonn agus é nó í i mbun a dhualgais nó a dualgais oifigiúil;

   (c) rinneadh an cion chun tairbhe duine dhlítheanaigh atá bunaithe ina chríoch; nó

   (d) rinneadh an cion chun tairbhe duine dhlítheanaigh i leith aon ghnó a dhéantar ina iomláine nó go páirteach ar a chríoch.

3. I gcás ina dtagann cion coiriúil dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 faoi dhlínse níos mó ná Ballstát amháin, oibreoidh na Ballstáit sin i gcomhar le chéile lena chinneadh cén Ballstát a sheolfaidh na himeachtaí coiriúla. Déanfar an t-ábhar, i gcás inarb iomchuí, a chur faoi bhráid Eurojust i gcomhréir le hAirteagal 12(2) de Chinneadh Réime 2009/948/CGB ón gComhairle[21].

4. I gcásanna dá dtagraítear i mír 1, pointe (c), déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú nach mbeidh feidhmiú a ndlínse faoi réir an choinníll nach féidir ionchúiseamh a thionscnamh ach amháin tar éis séanadh ón Stát ina ndearnadh an cion coiriúil.

*Airteagal 13*

*Uirlisí imscrúdaitheacha*

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh uirlisí imscrúdaitheacha éifeachtacha comhréireacha ar fáil chun na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 a imscrúdú nó a ionchúiseamh. I gcás inarb iomchuí, áireofar sna huirlisí sin uirlisí imscrúdaitheacha speisialta, amhail na huirlisí sin a úsáidtear le linn coireacht eagraithe a chomhrac nó i gcásanna eile coireachta tromchúisí.

[21] Cinneadh Réime 2009/948/CGB ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le coinbhleachtaí i bhfeidhmiú dlínse in imeachtaí coiriúla a chosc agus a shocrú (IO L 328, 15.12.2009, lch. 42).

*Airteagal 14*

*Sáruithe ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais a thuairisciú agus cosaint daoine a thuairiscíonn na sáruithe sin*

Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go mbeidh Treoir (AE) 2019/1937 infheidhme maidir le sáruithe ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 den Treoir seo a thuairisciú agus maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn na sáruithe sin, faoi na coinníollacha a bhunaítear inti.

*Airteagal 15*

*Comhordú agus comhar idir údaráis inniúla laistigh de Bhallstát*

Ainmneoidh na Ballstáit, as measc a n-údarás inniúil agus gan dochar don neamhspleáchas breithiúnach, aonad nó comhlacht chun comhordú agus comhar a áirithiú idir údaráis forfheidhmithe dlí agus údaráis atá i gceannas ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais a chur chun feidhme, i ndáil leis na gníomhaíochtaí coiriúla a chumhdaítear leis an Treoir seo.

Beidh na cúraimí seo a leanas ar an aonad nó an gcomhlacht dá dtagraítear sa chéad fhomhír:

(a) tosaíochtaí comhchoiteanna agus tuiscint ar an ngaol idir forfheidhmiú coiriúil agus forfheidhmiú riaracháin a áirithiú;

(b) faisnéis a mhalartú chun críoch straitéiseach, laistigh de na teorainneacha a leagtar amach i ndlí an Aontais is infheidhme agus sa dlí náisiúnta is infheidhme;

(c) comhairliúchán in imscrúduithe aonair, laistigh de na teorainneacha a leagtar amach i ndlí an Aontais is infheidhme agus sa dlí náisiúnta is infheidhme.

*Airteagal 16*

*Comhar idir údaráis inniúla na mBallstát, an Coimisiún, Europol, Eurojust agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh*

1. I gcás ina meastar gur de chineál trasteorann iad na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4, déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát lena mbaineann breithniú ar an bhfaisnéis a bhaineann leis na cionta coiriúla sin a tharchur chuig comhlachtaí inniúla iomchuí.

   Gan dochar do na rialacha maidir leis an gcomhar trasteorann agus cúnamh frithpháirteach dlí in ábhair choiriúla, oibreoidh na Ballstáit, Europol, Eurojust, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus an Coimisiún, laistigh dá n-inniúlachtaí faoi seach, i gcomhar le chéile sa chomhrac i gcoinne na gcionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4. Chuige sin, soláthróidh Europol agus Eurojust, i gcás inarb iomchuí, an cúnamh teicniúil agus oibríochtúil a theastaíonn ó na húdaráis náisiúnta inniúla chun comhordú a n-imscrúduithe a éascú.

2. Féadfaidh an Coimisiún, i gcás inar gá, líonra saineolaithe agus cleachtóirí a bhunú chun dea-chleachtais a chomhroinnt agus, i gcás inarb iomchuí, cúnamh a thabhairt d'údaráis inniúla na mBallstát chun imscrúdú cionta a bhaineann le sárú ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais a éascú. Leis an líonra sin, i gcás inarb iomchuí, féadfar mapáil a sholáthar freisin, a bheidh ar fáil go poiblí agus a nuashonrófar go tráthrialta, ar na rioscaí a bhaineann le sáruithe nó le himchéimniú ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais i limistéir gheografacha shonracha, agus i leith earnálacha agus gníomhaíochtaí sonracha.

3. I gcás ina bhfuil comhar le húdaráis inniúla tríú tíortha i gceist leis an gcomhar dá dtagraítear i mír 1, ba cheart dul i mbun an chomhair sin agus lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha agus don dlí idirnáisiúnta.

4. Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát faisnéis a chomhroinnt go minic agus ar bhonn tráthrialta leis an gCoimisiún agus le húdaráis inniúla eile, ar faisnéis í faoi shaincheisteanna praiticiúla go háirithe, maidir le patrúin imchéimniúcháin, amhail struchtúir chun úinéireacht thairbhiúil agus rialú tairbhiúil sócmhainní a cheilt.

*Airteagal 17*

*Sonraí staidrimh*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh córas i bhfeidhm chun sonraí staidrimh anaithnide a thaifeadadh, a léiriú agus a sholáthar maidir leis na céimeanna tuairiscithe, imscrúdaithe agus breithiúnacha i ndáil leis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a mbeart chun sárú ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais a chomhrac.

2. Gan dochar do na hoibleagáidí tuairiscithe a leagtar síos i ngníomhartha dlí eile de chuid an Aontais, cuirfidh na Ballstáit, ar bhonn bliantúil, sonraí staidrimh maidir leis na cionta coiriúla dá dtagraítear in Airteagail 3 agus 4 faoi bhráid an Choimisiúin, lena n-áireofar, ar a laghad, sonraí atá ann cheana maidir leis an méid seo a leanas:

(a) líon na gcionta coiriúla arna gclárú agus arna mbreithniú ag na Ballstáit;

(b) líon na gcásanna cúirte arna gcaitheamh amach, lena n-áirítear ar fhorais dhul in éag na tréimhse teorann don chion coiriúil lena mbaineann;

(c) líon na ndaoine nádúrtha:

(i) a ionchúisítear,

(ii) a chiontaítear;

(d) líon na ndaoine dlítheanacha:

(i) a ionchúisítear,

(ii) a bhfuil pionós coiriúil nó neamhchoiriúil nó beart coiriúil nó neamhchoiriúil forchurtha ina leith;

(e) cineálacha agus leibhéil na bpionós arna bhforchur.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfoilseofar athbhreithniú comhdhlúite ar a staidrimh gach 3 bliana ar a laghad.

*Airteagal 18*

*Leasú ar Threoir (AE) 2018/1673*

In Airteagal 2(1), cuirtear an pointe seo a leanas leis:

'(w) sárú ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais.'.

*Airteagal 19*

*Meastóireacht, tuairisciú agus athbhreithniú*

1. Cuirfidh an Coimisiún, faoin … [3 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar measúnú ar a mhéid a rinne na Ballstáit na bearta is gá chun an Treoir seo a chomhlíonadh. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá ar fáil don Choimisiún chun an tuarascáil sin a ullmhú.

2. Déanfaidh an Coimisiún, faoin … [6 bliana ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo], meastóireacht ar thionchar agus ar éifeachtacht na Treorach seo, agus na sonraí staidrimh bliantúla arna soláthar ag na Ballstáit á gcur i gcuntas, ina dtabharfar aghaidh ar an ngá atá le liosta na gcionta coiriúla a bhaineann le sárú ar bhearta sriantacha de chuid an Aontais a thabhairt cothrom le dáta, agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá ar fáil don Choimisiún chun an tuarascáil sin a ullmhú. I gcás inar gá, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin.

*Airteagal 20*

*Trasuí*

1. Tabharfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá i bhfeidhm chun an Treoir seo a chomhlíonadh faoin … [12 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach seo]. Cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na bearta sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh an tagairt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Leagfaidh na Ballstáit síos an modh chun an tagairt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhbhearta an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 21*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 22*

*Seolaithe*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |